AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**AN SCÉIM IOMPAIR D'IAR-BHUNSCOILEANNA**

**1. Tús Eolais.**

Ceapadh an méid seo a leanas le heolas mionsonraithe a sholáthar ar an Scéim Iompair D'Iar-bhunscoileanna. Gheofar ann eolas faoi na ceannteidil seo a leanas:

- **Cuspóir na Scéime**
- **Critéir Cháilitheachta**
- **An Próiseas Iarratais**
- **Leibhéal na Seirbhíse**
- **Táillí**
- **Deontais**
- **Iompar Scoile Lamháltais**
- **An Bord Achomhairc**
- **Nithe Ginearálta**

**2. Cuspóir na Scéime**

Is é cuspóir na scéime, ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil, tacú le hiompar leanaí a chónaíonn in áit iargúlta, is é sin, 4.8 cileaméadar (km) nó níos mó ón ionad oideachais is gaire dóibh, chuig agus abhaile ón scoil.

Is é Bus Éireann a oibríonn na seirbhísí iompar scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna (an Roinn).

## 3. Critéir Cháilitheachta

Leanaí a chónaíonn 4.8 ciliméadar ar a laghad ón ionad oideachais is gaire dóibh, faoi mar a chinneann an Roinn/Bus Éireann é, ag féachaint don éiteas agus do chúrsaí teanga, cáileoidh siad d'iompar scoile.

Bus Éireann a chinnfidh an cháilitheacht maidir le fad tríd an tslí taistil is gaire ó bhaile an dalta go dtí an scoil lena mbaineann a thomhas.

Ní mór do dheichniúr daltaí ar a laghad a chónaíonn i gceantar ar leith, faoi mar a chinneann Bus Éireann é, cáiliú sular féidir smaoineamh ar sheirbhísí iompar scoile a chur i bhfeidhm nó a choimeád, ar choinníoll gur féidir é sin a dhéanamh ar chostas réasúnta.

Ó thaobh busanna scoile de, ciallaíonn "ceantar ar leith" braisle de leanaí incháilithe a chónaíonn sa cheantar ginearálta céanna, sa treo ginearálta céanna ón scoil lena mbaineann, faoi mar a chinneann Bord Éireann é tar éis féachaint ar líonra na mbóithre áitiúla.

## 4. An Próiseas Iarratais

I gcás dalta atá ag déanamh iarratais ar sheirbhísí iompar scoile den chéad uair, ní mór do thuismitheoirí/do chaomhnóirí an dalta sin Foirm Iarratais chomhlánaithe ar Iompar Iar-bhunscoile a chur chuig oifig áitiúil Bhord Éireann; gheofar sonraí oifigí Bhus Éireann ar shuíomhanna Gréasáin na Roinne agus Bhus Éireann.

I gcás daltaí atá ag baint úsáide as iompar scoile cheana féin, beidh Bus Éireann i dteagmháil lena dtuismitheoirí/lena gcaomhnóirí roimh thús na scoilbhliana nua maidir le hiompar scoile don scoilbhliain sin.

Ní ghealltar suíochán do dhalta ar sheirbhís iompair más rud é go bhfaightear iarratas déanach ó thuismitheoirí/ó chaomhnóirí an dalta sin nó má dhéantar íocaíocht dhéanach tar éis an dáta deiridh atá foilsithe ar shonraisc Bhus Éireann, is cuma cén stádas cáilitheachta atá ag an dalta faoin scéim seo.

## 5. Leibhéal na Seirbhíse

Bus Éireann atá freagrach as pleanáil agus as amchlár na mbealaí iompar scoile. Déanann Bus Éireann a dhícheall, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dó, a chinntiú go mbíonn leibhéal réasúnta seirbhíse iompar scoile ag gach dalta cáilithe, i gcomhthéacs na scéime náisiúnta.

I gcás inar féidir, agus ag brath ar cheisteanna maidir le costas agus lóistíocht, déantar bealaí a phleanáil ionas nach mbeidh ar dhalta cáilithe níos mó ná 3.2 ciliméadar a thaisteal sa lá chuig nó abhaile ó phointe bailithe/seachadta agus nach mbeidh dalta ag feitheamh níos mó ná 2.5 uair an chloig sa lá. Déantar bealaí a phleanáil ar bhonn suíomhanna na ndaltaí a cháilíonn d'iompar scoile agus ar an mbonn sin amháin.

Na tuismitheoirí/caomhnóirí atá freagrach as cinntiú go dtugtar daltaí go sábháilte chuig pointí bailithe agus go mbailítear iad go sábháilte ó phointí seachadta atá ainmnithe ag Bus Éireann.

Le linn na gnáth-scoilbhliana a chuirtear seirbhísí iompar scoile ar fáil do leanaí cáilithe de ghnáth agus éascaíonn siad freastal an dalta le linn ghnáthuaireanta na scoile.

## 6. Táillí

Ní mór an táille bhliantúil chuí a íoc i gcás gach dalta cháilithe.

Ní bhíonn ar dhaltaí cáilithe a bhfuil Cártaí Leighis acu íoc as seirbhísí iompar scoile.

Déantar táillí a ghearradh agus suíocháin bhus a leithdháileadh ar bhonn bliantúil.

## 7. Deontais

Féadfaidh dalta cáilithe, más amhlaidh nach bhfuil seirbhís iompair ar fáil dó nó di, Deontas Ceantar Iargúlta a fháil i leith an chostais a bhainfeadh le socruithe príobháideacha iompair a dhéanamh tar éis iarratas a bheith déanta ar sheirbhís iompair laistigh de na teorainneacha ama forordaithe. Beidh Deontas Ceantar Iargúlta iníoctha, leis, i gcás daltaí cáilithe a mbíonn orthu 3.2 ciliméadar nó níos mó a thaisteal chuig nó abhaile ó phointe ainmnithe bailithe/seachadta.

I bhfoirm ráta socraithe laethúil a íoctar an deontas le gach teaghlach a cháilíonn, is cuma cá mhéad dalta as aon teaghlach amháin a thaistealaíonn chuig scoil ar leith.

Deontais don scoilbhliain ina bhfaightear an t-iarratas ar iompar agus don scoilbhliain sin amháin a bhreithneofar; ní íocfar deontais go siarghabhálach.

Déantar athbhreithniú tréimhsiúil ar dheontais agus féadfar iad a éagsúlú nó a aistarraingt má thagann athrú ar chúinsí, m.sh. seirbhís iompar scoile a thagann chun bheith ar fáil.

## 8. Iompar Scoile Lamháltais

Daltaí nach gcáilíonn don tseirbhís iompar scoile faoi théarmaí na scéime seo, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar sheirbhís iompair ar bhonn lámhaltais ó Bhus Éireann faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- Foirm Iarratais ar Iompar a chomhlánú agus a chur isteach chuig Bus Éireann;
- seirbhís oiriúnach a bheith ann, faoi mar a chinnfidh Bus Éireann, ag dul chuig an ionad oideachais ina bhfuil an dalta;
- áit a bheith ar fáil ar an tseirbhís;
- ní dhéanfar bealaí a shíneadh ná a athrú, ní chuirfear feithiclí breise ar fáil, ná ní chuirfear feithiclí níos mó ná turais bhreise ar fáil ar fheithiclí atá ann cheana chun freastal do leanaí a thaistealaíonn ar bhonn lámhaltais; ní thabhóidh an Stát aon chostas breise;
- íocfar an táille bhliantúil is cuí; ní chuirfear tarscaoileadh cárta leighis i bhfeidhm

D'fhéadfadh infhaighteacht an iompair lamháltais a bheith éagsúil ó bhliain go bliain, ní bhíonn sé ar fáil ar sheirbhísí poiblí sceidealta, agus ní féidir a ghealladh go mbeidh sé ar fáil fad a bheidh dalta ag freastal ar an iar-bhuscoil. I gcás inar mó an líon iarratas ar iompar ar

bhonn lámhaltais ná an líon suíochán atá ar fáil, is é Bus Éireann a chinnfidh leithdháileadh na dticéad.

## 9. An Bord Achomhairc

Gheofar Téarmaí Tagartha an Bhoird Achomhairc Iompar Scoile ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

Scrúdaíonn agus cinneann an Bord Achomhairc Iompar Scoile achomhairc in aghaidh phróiseas iarratais an iompair scoile maidir le soláthar seirbhísí iompar scoile agus/nó cabhair dheontais faoi théarmaí na Scéimeanna Iompar Scoile.

Ní scrúdaíonn an Bord cásanna a mheasann Bord Éireann a bhfuil mí-iompar tromchúiseach i gceist iontu a chuirfeadh sábháilteacht agus folláine leanaí agus/nó an tiománaí i mbaol nó a chuirfeadh oibriú sábháilte na seirbhíse i gcoitinne i mbaol.

Achomharcóir ar bith atá míshásta le cinneadh de chuid an Bhoird, tá sé de cheart aige/aici an t-ábhar a tharraingt anuas le hOmbudsman na Leanaí.

## 10. Nithe Ginearálta

Ní mór aon athruithe ar na tosca faoinar ceadaíodh iompar nó íocaíocht deontais a chur in iúl don Roinn láithreach.

Má bhaineann leanaí úsáid as seirbhísí iompair nó má fhaightear deontas ina leith ar shlí atá contrártha do théarmaí na scéime seo, ní fhágfaidh sé sin go mbeidh de cheart ag na faighteoirí an áis sin a fháil feasta.

D’fhéadfadh sé nach mbeadh dalta cáilithe a bhfuil breoiteacht fháthmheasta air nó uirthi nó atá faoi mhíchumas fisiceach leas a bhaint as gnáthsheirbhís iompar scoile. I gcásanna mar sin is é an Príomhoifigeach Míochaine a threoraíonn cinneadh na Roinne agus d’fhéadfadh dalta mar sin cáiliú do Dheontas Taisteal Speisialta.

D’fhéadfaí an scéim seo a leasú nó a nuashonrú ó am go chéile chun athruithe ar oibríochtaí, ar bhuiséad, nó athruithe eile a léiriú.

**Ba cheart ceisteanna i dtaobh na scéime seo a sheoladh chuig:**

An Rannóg Iompar Scoile,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Bóthar Phort Laoise,
Tulach Mhór,
Co. Uíbh Fhailí.

**Uimhir Fóin: 057 -9325466/7.**

Tá an scéim seo agus na doiciméid a ghabhann leis ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag **www.education.ie**

**Eanáir 2012**